Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Márta 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0031(COD)**

**6161/1/21**
**REV 1**

**AGRI 64**
**AGRIFIN 19**
**AGRIORG 19**
**AGRISTR 10**
**STATIS 4**
**CODEC 201**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 54 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 54 final/2. Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí gurb é an t-aon difríocht le 6161/21 INIT gur cuireadh an tagairt idirinstitiúideach "2021/0031 (COD)" ar leathanach cumhdaigh an Togra ón gCoimisiún, áit ar fágadh ar lár í sa doiciméad bunaidh arna chur ar aghaidh ag an gCoimisiún Eorpach chuig an gComhairle.

---

Faoi iamh: COM(2021) 54 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.2.2021
COM(2021) 54 final/2

2021/0031 (COD)

CORRIGENDUM
This document corrects document COM(2021) 54 final of 12.2.2021.
Concerns all language versions.
Addition of the interinstitutional reference.
The text shall read as follows:

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá staidreamh talmhaíochta Eorpach maidir le talmhaíocht an Aontais Eorpaigh á chur le chéile ag Eurostat leis na blianta fada. Cumhdaíonn siad na gnéithe seo a leanas: struchtúr feirmeacha, na cuntais eacnamaíocha talmhaíochta, táirgeadh ainmhithe agus barr, feirmeoireacht orgánach, praghsanna talmhaíochta, lotnaidicídí, cothaithigh agus gnéithe agra-chomhshaoil eile. Is é an phríomhaidhm atá ann go ndéanfar faireachán agus meastóireacht ar an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) agus ar bheartais thábhachtacha eile an Aontais Eorpaigh agus go dtacófar le ceapadh beartas.

Rinneadh meastóireacht ar na bailiúcháin sonraí seo in 2016[1] agus cinneadh gur ghá iad a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe atá tagtha ar réimse na talmhaíochta, ar an gcomhbheartas talmhaíochta agus ar bheartais ghaolmhara eile de chuid an Aontais a chur san áireamh. Is clár mór é 'An Straitéis don Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin'[2] chun staidreamh talmhaíochta an Aontais a reáchtálann an Coimisiún Eorpach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit a nuachóiriú. Tá tacaíocht ag an straitéis ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (CCSE) agus is cuid den chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) í a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar an gcóras Eorpach um staidreamh talmhaíochta (CEST) agus é a chuíchóiriú. Cloítear le moltaí idirnáisiúnta sa straitéis freisin, amhail treoirlínte an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide maidir le gáis cheaptha teasa a thuairisciú, agus caighdeáin Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, agus cuirtear Straitéis Dhomhanda na Náisiún Aontaithe chun feidhme inti d'fhonn feabhas a chur ar staidreamh talmhaíochta agus tuaithe.

Is earnáil sách beag í an talmhaíocht ar bhonn eacnamaíoch, ach cumhdaítear inti beagnach leath de limistéar talún an Aontais agus soláthraíonn sí formhór dá bhia, rud a áirithíonn sábháilteacht bia agus slándáil bia. Bíonn tionchar mór ag an talmhaíocht ar an athrú aeráide agus ar an gcomhshaol, agus bíonn go leor pobal faoin tuath i dtuilleamaí na talmhaíochta. Teastaíonn an fhaisnéis is cruinne sa réimse seo ón Aontas chun beartais a cheapadh a rachaidh chun tairbhe gach saoránach san Eoraip trí bhuiséad substaintiúil an chomhbheartais talmhaíochta agus na bearta gaolmhara a leithdháileadh ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí thar ghnéithe iomadúla. Ina theannta sin, tá an talmhaíocht i gcroílár na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[3], go háirithe ina 'straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc'.

Is féidir measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht earnáil na talmhaíochta trí chéile ach an fhaisnéis maidir leis na hathruithe ar líon agus ar phraghsanna earraí agus seirbhísí talmhaíochta a thabhairt faoi scáth struchtúir cuntasaíochta. Chuige sin, soláthraíonn cuntais

---

1 SWD(2017)96 - meastóireacht ar an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an doiciméad 'An Straitéis don Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin' agus cásanna reachtacha ionchais ina dhiaidh sin (Ar fáil i mBéarla amháin).

2 https://ec.europa.eu/eurostat/documents/749240/749310/Strategy+on+agricultural+statistics+Final+version+for+publication.pdf (Ar fáil i mBéarla amháin).

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 an 11.12.2019.

eacnamaíochta na talmhaíochta (CET) tacar sonraí inchomparáide a thairgeann faisnéis thábhachtach ar leibhéal maicreacnamaíoch do phríomh-úsáideoirí, go háirithe ArD-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe de chuid an Choimisiúin.

Mar chuntas satailíte den chóras cuntas Eorpach (CCE 2010), cloíonn cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta leis an modheolaíocht do na cuntais náisiúnta go han-chúramach. Éilíonn a dtiomsú áfach go gceapfaí rialacha agus modhanna iomchuí. Faoin modheolaíocht reatha, soláthraíonn na Ballstáit cuntais eacnamaíochta náisiúnta agus réigiúnacha na talmhaíochta do Eurostat ó 2000 i leith. Tháinig an Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta sa Chomhphobal[4] i bhfeidhm in 2004 agus foirmlíodh an chuid a bhaineann leis na cuntais eacnamaíochta ar leibhéal náisiúnta; leasaíodh é sé huaire ó shin. Níor áiríodh cuntais ar an leibhéal réigiúnach áfach sa Rialachán ach tá beagnach gach Ballstát á dtarchur go tráthrialta i gcónaí faoi chomhaontú oinigh. Ní leor é seo, toisc nach cuid fhoirmiúil de CET an staidreamh a chumhdaítear leis an gcomhaontú oinigh, agus níl aon oibleagáidí ceangailteacha ann ná aon ráthaíocht maidir le seachadadh. Dá bhrí sin toisc gur staidreamh aibí iad cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta a bhfuil tábhacht leo, ba cheart iad a chur ar bhonn foirmiúil trína n-áireamh sa Rialachán CET. Is é sin an t-aon bhealach a n-áiritheofar a gcáilíocht. Shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an tsaincheist sin ina Tuarascáil Speisialta SR 01/2016[5], inar mhol sí go gcuirfí cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta ar bhonn foirmiúil. Ghlac an Coimisiún leis an toradh sin.

Sa Tuarascáil Speisialta chéanna SR 01/2016, sainaithníodh easpa freisin maidir le tuairisciú cáilíochta CET. Ó 2016 i leith, tá Eurostat ag cur an moladh sin chun feidhme, agus sholáthair Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh tuarascálacha cáilíochta CET (ina raibh fíor-bheagán eisceachtaí) ó 2019 le tagairt do na ceanglais in Airteagal 12(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009[6]. Foráiltear in Airteagal 12 áfach go gcuimseofaí ceanglais maidir le tuairisciú cáilíochta go sonrach i reachtaíocht earnálach, trína mbítear in ann rialacha mionsonraithe, struchtúr, tréimhsiúlacht agus táscairí measúnaithe na dtuarascálacha cáilíochta a shainiú, anuas ar na sprioc-amanna maidir le tarchur sonraí. I láthair na huaire, níl na socruithe beachta maidir le tuairisciú cáilíochta ach neamhfhoirmiúil amháin agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur ar bhonn foirmiúil ar aon líne leis na ceanglais reatha sin i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

Ar deireadh, i gcás CET, tarchuireann na Ballstáit, i gcás sonraí ar leibhéal náisiúnta, na chéad sonraí measta (sprioc-am mí na Samhna den bhliain tagartha n), na dara sonraí measta (sprioc-am mí Eanáir den bhliain n+1) agus na sonraí deiridh (sprioc-am mí Mheán Fómhair den bhliain n+1). Leanann na dara sonraí róluath tar éis na chéad sonraí ionas go mbeifí in ann feabhas sách maith a chur orthu, mar sin ba cheart na sprioc-amanna tarchuir sonraí don dara meastachán a mhaolú de 2 mhí ó dheireadh mhí Eanáir go dtí deireadh mhí an Mhárta na bliana tar éis na bliana tagartha.

---

4 Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta sa Chomhphobal (IO L 33, 5.2.2004, lch. 1).

5 Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2016: An bhfuil córas an Choimisiún maidir le feidhmíocht a thomhas i ndáil le hioncaim feirmeoirí deartha go maith agus bunaithe ar shonraí fónta?

6 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE ón gComhairle, Euratom lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ionas go mbeidh lucht déanta beartas, gnóthaí agus an pobal i gcoitinne in ann cinntí fianaise-bhunaithe iomchuí a ghlacadh, ní mór don staidreamh a bheith iontaofa agus d'ardcháilíocht.

Áirítear leis an straitéis don staidreamh talmhaíochta 2020 a luadh thuas na príomhchuspóirí a leanas:

- staidreamh d'ardcháilíochta a tháirgeadh a chomhlíonann riachtanais úsáideoirí go héifeachtúil agus go héifeachtach;
- feabhas a chur ar chomhchuibhiú agus ar chomhleanúnachas an staidrimh talmhaíochta Eorpaigh.

Tugtar aghaidh go díreach ar na cuspóirí sin sna trí réimse a áirítear sa togra seo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An príomhspreagthóir atá ag an gCóras Staidrimh Eorpach 2013-2017 is ea staidreamh cáilíochta a sholáthar chun tacú le beartais Eorpacha[7] (fadaithe go 2020[8]). Tá staidreamh comhshaoil agus talmhaíochta ar cheann de na trí cholún de tháirgeadh staidrimh faoin gclár sin. I measc cuspóirí ábhartha an chláir tá 'bailiú na sonraí talmhaíochta a athbhreithniú agus a shimpliú i gcomhréir leis an athbhreithniú ar an gcomhbheartas talmhaíochta tar éis 2013 agus bailiú sonraí talmhaíochta a athcheapadh, go háirithe chun na críche cáilíocht a fheabhsú agus amlíne na sonraí a sholáthar'. Cuirtear an cuspóir sin chun feidhme sa tionscnamh seo.

Ach sonraí níos fearr a sholáthar maidir le measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht earnáil na talmhaíochta don chomhshaol, do na daoine, do na réigiúin agus don gheilleagar, rannchuideoidh an córas Eorpach um staidreamh talmhaíochta freisin le dhá cheann de na sé thosaíocht ar a laghad[9] de Choimisiún von der Leyen, eadhon:

- an Comhaontú Glas don Eoraip leis na straitéisí ón bhFeirm go dtí an Forc agus maidir leis an mBithéagsúlacht atá mar bhonn taca leis; agus
- geilleagar a oibríonn do na daoine.

Tá staidreamh talmhaíochta áisiúil freisin áfach maidir le tosaíochtaí eile an Aontais nó na mBallstát a dhéanann difear don talmhaíocht agus don fhorbairt tuaithe nó a mbíonn tionchar acu orthu.

Thairis sin, sa togra maidir leis an gclár do mhargadh aonair[10] atá á phlé ar bhonn institiúideach faoi láthair soláthraítear creat maidir le forbairt, táirgeadh agus leithdháileadh staidrimh Eorpaigh a mhaoiniú. Éilíonn cur chun feidhme bheartais an Aontais go soláthrófaí faisnéis staidrimh ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa maidir leis an gcás eacnamaíoch, sóisialta, críochach agus comhshaoil san Aontas. Ina theannta sin, tugann

---

7 Bunaíodh an clár reatha le Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach don tréimhse 2013 go dtí 2017. Rinneadh é a fhadú go 2020 le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1951 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017.

8 Rialachán (AE) 2017/1951 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 maidir le clár staidrimh Eorpach 2013-17, trína fhadú go 2020 (IO L 284, 31.10.2017, lch. 1).

9 https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024_en.

10 COM (2018) 441.

staidreamh Eorpach deis do shaoránaigh na hEorpa tuiscint a fháil ar an bpróiseas daonlathach agus a bheith rannpháirteach sa díospóireacht faoin staid reatha agus faoi thodhchaí an Aontais. I gcás staidreamh talmhaíochta, dírítear ar shonraí tráthúla agus ábhartha a sholáthar maidir le riachtanais an chomhbheartais talmhaíochta, an chomhbheartais iascaigh agus beartais a bhaineann leis an gcomhshaol, le slándáil bia agus le leas ainmhithe.

Soláthraíonn staidreamh talmhaíochta fianaise staidrimh ardcháilíochta maidir le cur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartais talmhaíochta. Is spreagthóir tábhachtach é an comhbheartas talmhaíochta le haghaidh post agus fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach san Aontas. Anuas ar a chuid cuspóirí sóisialta, tá sé mar aidhm ag an mbeartas forbartha tuaithe, ar cuid lárnach den chomhbheartas talmhaíochta é, feabhas a chur ar iomaíochas agus ar inbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta. Léiríonn an comhbheartas talmhaíochta níos mó ná 37 % de bhuiséad iomlán an Aontais i gcomhthéacs an chreata airgeadais ilbhliantúil 2014-2020.

Tá staidreamh talmhaíochta ag teastáil níos mó ná riamh le haghaidh beartas tábhachtach eile de chuid an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, beartais chomhshaoil agus beartais ar an athrú aeráide, beartas sóisialta, beartas réigiúnach, etc.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Soláthraíonn Airteagal 338 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí maidir le staidreamh Eorpach. Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, glacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta chun staidreamh a chruthú i gcás inar gá don Aontas é sin chun a ról a chomhlíonadh. Leagtar amach na ceanglais maidir le staidreamh Eorpach a chruthú in Airteagal 338, ag lua nach mór dóibh cloí le caighdeáin neamhchlaontachta, iontaofachta, oibiachtúlachta, neamhspleáchais eolaíoch, chostas-éifeachtachta agus rúndachta staidrimh.

Is é Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 an bunús dlí maidir leis na tuarascálacha cáilíochta.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Beidh feidhm ag prionsabal na coimhdeachta mura dtagann an togra faoi réim inniúlacht eisiach an Aontais. Soláthraíonn an Córas Staidrimh Eorpach bonneagar maidir le faisnéis staidrimh. Ceapadh an córas chun riachtanais ilúsáideoirí a chomhlíonadh, chun críche na cinnteoireachta i sochaithe daonlathacha. Dréachtaíodh an togra le haghaidh an Rialacháin seo chun cosaint a thabhairt do phríomhghníomhaíochtaí comhpháirtithe CSE agus chun cáilíocht agus inchomparáideacht an staidrimh CET a áirithiú ar bhealach níos fearr.

Ar cheann de na príomhchritéir nach mór do na sonraí staidrimh a chomhlíonadh tá go mbeidís comhsheasmhach agus inchomparáide. Ní féidir leis na Ballstáit an chomhsheasmhacht agus an inchomparáideacht is gá a bhaint amach gan creat soiléir Eorpach, is é sin le rá, reachtaíocht an Aontais ina leagtar síos na coincheapa coiteanna maidir le staidreamh, agus formáidí agus ceanglais cháilíochta maidir le tuairisciú.

Tá an ceanglas inchomparáideachta an-tábhachtach don staidreamh talmhaíochta mar gheall ar an gcomhbheartas talmhaíochta.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóir na gníomhaíochta beartaithe a bhaint amach go sásúil ag gníomhú dóibh go neamhspleách. Is féidir gníomhaíocht a ghlacadh ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais, bunaithe ar ghníomh dlí de chuid an Aontais chun inchomparáideacht na faisnéise staidrimh a áirithiú sna fearainn staidrimh a chumhdaítear sa ghníomh beartaithe. Idir an dá linn, is féidir leis na Ballstáit an bailiú sonraí féin a dhéanamh.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta, i bhfianaise an méid seo a leanas:

Ach na prionsabail chéanna a chur i bhfeidhm ar fud na mBallstát, áiritheoidh an togra cáilíocht agus inchomparáideacht an staidrimh talmhaíochta Eorpaigh a bailíodh agus a tiomsaíodh. Ar an gcaoi chéanna, áiritheoidh sé go mbeidh an staidreamh talmhaíochta Eorpach fós ábhartha agus go gcuirfear in oiriúint é chun freagairt do riachtanais úsáideoirí. Fágfaidh an Rialachán go mbeidh táirgeadh staidrimh níos costas-éifeachtaí agus go gcuirfear saintréithe sonracha chórais na mBallstát san áireamh.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, tá an rialachán beartaithe srianta don íosmhéid is gá chun a chuspóirí a bhaint amach agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin.

- **An rogha ionstraime**

Ionstraim bheartaithe: rialachán.

Ag glacadh le cuspóirí agus le hinneachar an togra, is é an rialachán an ionstraim is iomchuí. Bíonn beartais choiteanna thábhachtacha an Aontais Eorpaigh amhail an comhbheartas talmhaíochta ag brath go bunúsach ar staidreamh talmhaíochta inchomparáide, comhchuibhithe agus ardcháilíochta ar an leibhéal Eorpach. An bealach is fearr chun é sin a áirithiú ná trí bhíthin rialachán, atá infheidhme go díreach sna Ballstáit agus nach gá iad a thrasuí sa dlí náisiúnta ar dtús.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh tagairt sa mheastóireacht ar ‘An Straitéis don Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin’ d’iniúchadh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a bhí ag leanúint ar aghaidh ag an am (agus as ar tháinig Tuarascáil Speisialta SR 01/2016) mar cheann ina soláthraítear táscairí maidir le chomh mór agus a fhónann CET do riachtanais sonraí úsáideoirí. Mar a tugadh le fios níos túisce, is spreagthóir tábhachtach maidir leis an togra iad na torthaí sin.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Déanann Eurostat forbairt, táirgeadh agus leithdháileadh ar staidreamh talmhaíochta Eorpach trí dhlúthchomhar comhardaithe agus tráthrialta sa Chóras Staidrimh Eorpach, ag tógáil ar chomhpháirtíocht fhada idir Eurostat agus na forais staidrimh náisiúnta chomh maith le gach údarás ábhartha eile.

Ar leibhéal foriomlán agus le tagairt don ‘Straitéis don Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin’, is iad na príomhchatagóirí páirtithe leasmhara don staidreamh talmhaíochta Eorpach táirgeoirí sonraí (institiúidí staidrimh náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile chomh maith le Eurostat), freagróirí (feirmeoirí, eagraíochtaí agus gnóthaí feirmeoirí) agus úsáideoirí (cinnteoirí poiblí agus príobháideacha – go háirithe ranna eile de chuid an Choimisiúin – taighdeoirí agus iriseoirí). Chuathas i gcomhairle go forleathan leo maidir leis na fadhbanna agus na hathruithe inmhianaithe ar an status quo, a gcuid riachtanas agus tosaíochtaí sonraí, roghanna beartais féideartha chun na fadhbanna a réiteach, tionchair na ngníomhaíochtaí molta, agus foirmliú na straitéise go sonrach. Ba iad seo a leanas na fóraim maidir leis na comhairliúcháin sin: (i) cruinnithe agus seimineáir an Bhuanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta agus a chomharba, Grúpa Stiúrthóirí um Staidreamh Talmhaíochta (DGAS) (ina gcuimsítear stiúrthóirí staidrimh talmhaíochta institiúidí staidrimh náisiúnta) áit ina gcloistear ranna an Choimisiúin, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus eagraíochtaí feirmeoirí go minic; (ii) cruinnithe an Choiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (ina gcuimsítear arD-stiúrthóirí na hinstitiúide staidrimh náisiúnta); agus (iii) comhairliúcháin agus éisteachtaí a bhíonn sceidealaithe go tráthrialta laistigh de ranna an Choimisiúin.

Rinneadh comhairliúchán poiblí le haghaidh na meastóireachta, agus mionsonraítear na torthaí i dtuarascáil shonrach[11].

Tá trí ghné ag baint le príomhthorthaí an chomhairliúchán phoiblí sin, atá mar chuid de straitéis staidrimh talmhaíochta 2020 agus den Rialachán seo ina dhiaidh sin:

> **Ní fhónann reachtaíocht reatha an Aontais maidir le staidreamh talmhaíochta go leordhóthanach do riachtanais sonraí nua agus atá ag teacht chun cinn** mar gheall nach bhfuil soláthar na sonraí sin san áireamh sna gníomhartha reachtacha, agus nach bhfuil na gníomhartha sách solúbtha agus comhtháite chun freagairt do riachtanais nua ar bhealach tráthúil.
>
> Eascraíonn na *riachtanais nua sonraí* sin go príomha as forbairtí nua sa talmhaíocht, reachtaíocht athbhreithnithe agus tosaíochtaí athraitheacha beartais, go háirithe an comhbheartas talmhaíochta a athchóiríodh le déanaí.
>
> **Níl na bailiúcháin sonraí comhchuibhithe agus comhtháite** toisc go bhfuil riachtanais nua sonraí ag teacht chun cinn, toisc gur ceapadh reachtaíocht ar leithligh thar bhlianta fada, agus toisc go n-úsáidtear sainmhínithe agus coincheapa atá, go pointe áirithe, difriúil ó chéile i réimsí difriúla staidrimh talmhaíochta.
>
> **Meastar go bhfuil an t-ualach a bhaineann leis na sonraí a sholáthar ró-ard** mar gheall go bhfuil riachtanais sonraí ag dul i méid, toisc nach bhfuil an bailiúchán sonraí comhchuibhithe, agus go leantar d'acmhainní a ghearradh siar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Deimhníodh go bhfuil an t-ualach sin ag cur an bhailiúcháin sonraí agus cháilíocht na sonraí i mbaol.

Mar chuid den nuachóiriú ar staidreamh talmhaíochta an Aontais Eorpaigh, bhí CET ag dul faoina nuachóiriú féin ó 2016 i leith. Chuidigh torthaí an iniúchta a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (Tuarascáil Speisialta SR 01/2016) maidir le hioncam feirmeoirí leis sin. Tugadh na

---

[11] Leathanach gréasáin chomhairliúchán poiblí Eurostat: http://ec.europa.eu/eurostat/about/opportunities/consultations/eass (Ar fáil i mBéarla amháin). An tuarascáil maidir leis an gcomhairliúchán poiblí oscailte: http://ec.europa.eu/eurostat/documents/10186/6937766/Agricultural-Statistics-Strategy-2020-Report.docx (Ar fáil i mBéarla amháin).

moltaí ón tuarascáil sin faoin bhfeidhm nuachóirithe níos leithne, ina bhfuil roinnt feabhsúcháin ar CET.

Shainaithin an Coimisiún dhá cheann de na feabhsúcháin sin mar chinn ónar theastaigh athrú a dhéanamh ar an Rialachán reatha, i.e. comhtháthú chuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta (CERT) agus maolú na dara sprioc-amanna measta maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta.

Pléadh iad sin go forleathan leis an Meitheal um Chuntais agus Praghsanna Talmhaíochta agus leis an nGrúpa Stiúrthóirí um Staidreamh Talmhaíochta ar leibhéal níos airde, dhá ghrúpa ar a bhfuil saineolaithe ó na Ballstáit.

Ós rud é gur staidreamh fadbhunaithe iad cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta atá á dtarchur chuig Eurostat le blianta fada, níl i gceist leis na cuntais sin a chuimsiú i Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ach an mhodheolaíocht reatha a chomhtháthú go príomha, mar atá in úsáid faoin gcomhaontú oinigh atá ann le fada an lá. De bhrí go bhfuil an mhodheolaíocht sásúil den chuid is mó mar a sheasann sí faoi láthair (Lámhleabhar CET/CTE Cuid VII[12]), ní gá í a athscríobh. Tá an mhodheolaíocht agus an chaibidil maidir le cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta, a chuirfear san áireamh sa Rialachán, in ann léiriú a thabhairt ar cad atá sa lámhleabhar reatha. Mar sin féin, is gá roinnt athruithe níos lú a dhéanamh chun CCE 2010 agus na comhairliúcháin theicniúla leis na Ballstáit a chur san áireamh.

Pléadh an togra sin go hiomlán leis an nGrúpa Saineolaithe um Chuntais agus Praghsanna Talmhaíochta agus leis an nGrúpa Stiúrthóirí um Staidreamh Talmhaíochta, a d'aithin go mbeadh an Coimisiún (Eurostat) ag leanúint ar aghaidh leis an togra bunaithe ar a cheart tionscnaimh féin. Cuireadh an togra faoi bhráid an Choiste um an gCóras Staidrimh Eorpach freisin a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhí plé forleathan ag Eurostat maidir le hinneachar an togra le hinstitiúidí staidrimh náisiúnta trí thascfhórsaí sonracha agus trí ghrúpaí saineolaithe reatha, lena n-áirítear ar leibhéal na stiúrthóirí.

Cuireadh an togra faoi bhráid an Choiste um an gCóras Staidrimh Eorpach freisin i mí Dheireadh Fómhair 2020.

- **Measúnú tionchair**

D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dheimhneach maidir leis an measúnú tionchair ar 'An Straitéis don Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin'[13] a bhfuil CET mar chuid de[14].

Rinneadh an measúnú tionchair ar leibhéal na straitéise mar gheall ar chur chuige córasach ar fud an chórais staidrimh talmhaíochta trí chéile, ag áirithiú go n-oireann gach cuid dá chéile.

[12] Lámhleabhar CET maidir le Cuntais Eacnamaíochta na Talmhaíochta agus na Foraoiseachta CET/CTE 97 (Ath. 1.1), 2000 https://ec.europa.eu/eurostat/fr/web/products-manuals-anD-guidelines/-/KS-27-00-782
(Ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).

[13] SWD(2016)430 (Ar fáil i mBéarla amháin).

[14] https://ec.europa.eu/smart-regulation/impact/ia_carried_out/docs/ia_2016/sec_2016_0519_en.pdf (Ar fáil i mBéarla amháin).

Fuarthas sa mheasúnú tionchair gur cheart do CEST, mar rogha thosaíochta, a bheith cumhdaithe ag trí rialachán ar deireadh. Bheadh rialacháin nua i gceist le dhá cheann de na rialacháin agus chuirfí iad in ionad roinnt rialacháin níos sine de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le staidreamh talmhaíochta. Glacadh an chéad cheann díobh sin, Staidreamh Comhtháite Feirme, ina gcumhdaítear sonraí maidir le struchtúr feirmeacha, úllord agus fíonghort, mar Rialachán (AE) 2018/1091[15]. Is togra reachtach comhthreomhar é an dara ceann díobh ar rialachán maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta, ina gcumhdaítear ionchuir d'earnáil na talmhaíochta agus aschuir na hearnála: táirgeadh talmhaíochta (barra agus ainmhithe) lena n-áirítear feirmeoireacht orgánach, praghsanna talmhaíochta, cothaithigh agus táirgí cosanta plandaí. Is é an tríú rialachán, dá dtagraítear sa mheasúnú tionchair, Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 maidir le Cuntais Eacnamaíochta na Talmhaíochta (CET), atá faoi réir an togra reatha le haghaidh Rialachán leasaitheach. Ós rud é gur cuntas satailíte de na cuntais náisiúnta iad cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta agus gur cuntais mhaicreacnamaíocha de réir cineáil iad, níor moladh go ndéanfaí iad a chomhtháthú isteach sna creat-rialacháin nua. Ina ionad sin, moladh go bhfanfaidís sin faoi reachtaíocht ar leithligh, mar a bhí amhlaidh ó tháinig an chéad Rialachán CET i bhfeidhm in 2004.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra mar chuid den 'Straitéis don Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin', clár mór chun staidreamh talmhaíochta an Aontais a reáchtálann an Coimisiún Eorpach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit a nuachóiriú. Tá tacaíocht ag an straitéis ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach agus í mar chuid den chlár REFIT a bhfuil sé mar aidhm aige an Córas Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta (CEST) a chuíchóiriú agus a fheabhsú.

Is staidreamh aibí iad cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 138/2004. Ba cheart don rialachán nua atá á mholadh na comhpháirteanna uile de CET a chumhdach d'fhonn cáilíocht an staidrimh sin a áirithiú. Ba cheart deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as comhaontuithe oinigh. Chuideodh sé sin le cúrsaí a shimpliú, toisc go mbeidh an rialachán nua ar an bpointe tagartha, ag comhlíonadh gach riachtanais sonraí agus gach ceanglais maidir le tuairisciú cáilíochta.

Tá an togra maidir le cad a áireofar faoin leasú ar an rialachán atá beartaithe ann de bharr na ngníomhaíochtaí leanúnacha chun CET a chuíchóiriú. Cumhdaíodh sonraí eile i dteannta CERT faoi chomhaontú oinigh. I gcás 'luachanna aonaid' CET, ar sonraí iad atá á soláthar ar feadh blianta fada faoin gcineál céanna comhaontaithe, chinn an fheidhm nuachóirithe nár cheart leanúint ar aghaidh ag bailiú na luachanna aonaid ar leibhéal an Aontais. Mar thoradh air sin, níor moladh luachanna aonaid a áireamh sa leasú ar an rialachán CET agus bainfear é. Léiríonn sé sin laghdú beag ach laghdú suntasach ar an ualach ar pháirtithe leasmhara.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Dada

[15] Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lch. 1).

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Táthar ag súil go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an rialachán beartaithe in 2021, agus go nglacfar le beart cur chun feidhme an Choimisiúin maidir le tuairisciú cáilíochta go gairid ina dhiaidh sin. Beidh an Rialachán infheidhme go díreach i ngach Ballstát de chuid an Aontais agus ní bheidh gá le plean cur chun feidhme.

Táthar ag súil go dtosóidh na Ballstáit ag soláthar sonraí don Choimisiún faoin rialachán nua in 2022.

Is cuid de CEST í an ionstraim reachtach atá beartaithe, agus déanfar meastóireacht chuimsitheach uirthi d'fhonn measúnú a dhéanamh, i measc nithe eile, ar cé chomh héifeachtach agus éifeachtúil a bhí sí maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus a chinneadh cibé an bhfuil gá nó nach bhfuil le bearta nó le leasuithe nua.

- **Faireachán ar chomhlíontacht leis an staidreamh a táirgeadh**

Déanann Eurostat measúnuithe tráthrialta ar chomhlíontacht. Áirítear leis na measúnuithe sin athbhreithniú ar infhaighteacht sonraí, ar cháilíocht agus ar phoncúlacht agus ar ghníomhaíochtaí leantacha i gcás ina mbíonn neamhchomhlíonadh i gceist.

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, éilítear ar na Ballstáit figiúirí ábhartha a chur ar fáil don Choimisiún maidir le staidreamh talmhaíochta. Bíonn na figiúirí sin faoi réir sprioc-amanna dochta maidir le tarchur agus ní mór aird a thabhairt orthu ar mhaithe le dea-bhainistiú, leithdháileadh agus áisiúlacht an staidrimh Eorpaigh, toisc go gcruthaítear easnaimh san fháil a bhíonn ar fhaisnéis nuair a bhíonn sonraí ar iarraidh nó neamhiomlán (is é sin le rá, nach féidir comhiomlána an Aontais a ríomh de réir sceidil ama pleanáilte).

Cuimsítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 an creat bunúsach dlíthiúil maidir le feidhmiú an chórais staidrimh Eorpaigh agus le haghaidh na reachtaíochta earnála uile maidir le táirgeadh staidreamh Eorpach.

Cé go mbreithnítear caoithiúlacht, poncúlacht agus iomláine cheana féin i measúnuithe comhlíontachta mar fhachtóirí tábhachtacha chun scaipeadh tráth ar staidreamh talmhaíochta a áirithiú, beidh tuilleadh airde ar na fachtóirí sin agus ar ghnéithe cáilíochta eile d'fhonn muinín a áirithiú sa staidreamh arna tháirgeadh ag Eurostat agus ag an gCóras Staidrimh Eorpach.

- **Feabhas leanúnach ar CEST: riachtanais nua sonraí agus foinsí nua sonraí a shainaithint, feabhas a chur ar chomhleanúnachas, an t-ualach a laghdú**

Faoi láthair, cuireann Eurostat éisteachtaí bliantúla ar siúl le ranna eile de chuid an Choimisiúin. Gné thábhachtach de na héisteachtaí sin is ea faisnéis a mhalartú maidir le cláir oibre faoi seach. Soláthraíonn siad ardán foirmiúil chun riachtanais atá ag teacht chun cinn maidir le staidreamh nua a phlé agus athbhreithniú a dhéanamh ar áisiúlacht an staidrimh atá ar fáil.

Beidh comhar breise ar siúl le ranna eile de chuid an Choimisiúin, le hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus le húdaráis náisiúnta eile ag leibhéil dhifriúla ordlathais i gcruinnithe agus i seimineáir thráthrialta den Sainghrúpa, i gcruinnithe den Ghrúpa Stiúrthóirí, i gcruinnithe den

Choiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, agus trí mhalairtí déthaobhacha go minic. Beidh aird ar leith ar shonraí riaracháin agus ar fhoinsí eile faisnéise a bhíonn á gcothabháil faoi reachtaíocht an Aontais a shainaithint agus ar mheasúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht chun staidreamh a tháirgeadh d'fhonn comhaontuithe a bhunú maidir lena gcobhsaíocht, inrochtaineacht agus a n-oiriúnú de réir a chéile chun oiriúint níos fearr do cheanglais staidrimh. Ina theannta sin, déanfar suirbhéanna agus anailísí tréimhsiúla chun aon ionchas a shainaithint maidir le staidreamh talmhaíochta Eorpach a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin a laghdú.

Déanfar faireachán agus meastóireacht ar na coigeartuithe sin agus ar fheidhmiú foriomlán an chreata dhlíthiúil in aghaidh chuspóirí na straitéise a liostaítear thuas, go háirithe.

- **Tuarascálacha faireacháin tríbhliantúla**

D'fhonn faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú chuntais eacnamaíochta athnuaite na talmhaíochta agus a áirithiú go gcomhlíonann siad spriocanna REFIT maidir le simpliú agus laghdú ualaigh, foilseofar tuarascáil gach 3 bliana maidir le feidhmiú an chórais fhoriomláin.

- **Meastóireacht**

Tiocfaidh meastóireacht chúlghabhálach maidir le CEST athnuaite in ionad an dara tuarascáil faireacháin tríbhliantúil, a dhéanfar de réir threoirlínte an Choimisiúin maidir le meastóireacht a dhéanamh. D'fhéadfadh an mheastóireacht chúlghabhálach sin a bheith mar bhunús d'athbhreithnithe breise ar an reachtaíocht, má mheastar go mbeidh gá leis sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá dhá airteagal nua sa rialachán beartaithe agus tá leasú ann ar Iarscríbhinn I (modheolaíocht CET) agus ar Iarscríbhinn II (Clár tarchuir sonraí) araon.

Baineann na príomhathruithe le hIarscríbhinní I agus II.

Baineann an chéad phríomhathrú le cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta (CERT). Tá na Ballstáit ag cur CERT ar fáil do Eurostat ó 2000 faoi chomhaontú oinigh agus ar aon líne le cleachtais modheolaíochta atá i bhfeidhm ón am sin. Chun CERT a chomhtháthú i Rialachán (CE) Uimh. 138/2004, cuireadh caibidil le hIarscríbhinn I. Cuirtear san áireamh ansin comhairliúcháin a rinneadh le grúpaí saineolaithe thoscairí na mBallstát (an Mheitheal um Chuntais agus Praghsanna Talmhaíochta agus an Grúpa Stiúrthóirí um Staidreamh Talmhaíochta) maidir le roinnt nuashonruithe beaga a áireamh leis an modheolaíocht reatha lena áirithiú go bhfuil sé tugtha cothrom le dáta agus oiriúnach lena áireamh sa rialachán. Tugadh Iarscríbhinn II cothrom le dáta chun léiriú a thabhairt ar na sprioc-amanna tarchuir comhfhreagracha maidir le CERT.

Baineann an dara ceann le hairteagal a cuireadh leis chun ceanglais maidir le tuairisciú cáilíochta a chumhdach (Airteagal 4a). Ó 2019, bhí Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh (le fíorbheagán eisceachtaí) toilteanach tuarascálacha cáilíochta CET a sholáthar le tagairt do na ceanglais in Airteagal 12(2) de Rialachán (CE) 223/2009. Mar sin féin, níl aon airteagal i Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 maidir le tuairisciú cáilíochta. Foráiltear in Airteagal 12(2) de Rialachán (CE) 223/2009 go gcuimseofaí ceanglais maidir le tuairisciú cáilíochta go sonrach i reachtaíocht earnálach, trína mbítear in ann rialacha mionsonraithe, struchtúr, tréimhsiúlacht agus táscairí measúnaithe na dtuarascálacha cáilíochta a shainiú, agus trína mbítear in ann na sprioc-amanna maidir le tarchur a shocrú. I láthair na huaire, is rud

neamhfhoirmiúil amháin atá sna socruithe tuairiscithe cáilíochta beachta maidir le CET agus dá bhrí sin dhéanfaí iad a chur ar bhonn foirmiúil ach Airteagal 4a a áireamh.

Baineann an tríú príomhathrú leis na sprioc-amanna tarchuir a mhaolú do dhara meastacháin CET d'fhonn cáilíocht sonraí feabhsaithe a éascú. I gcás CET, tarchuireann na Ballstáit, i gcás sonraí náisiúnta, na chéad sonraí measta (sprioc-am mí na Samhna den bhliain tagartha n), na dara sonraí measta (sprioc-am mí Eanáir den bhliain n+1) agus na sonraí deiridh (sprioc-am mí Mheán Fómhair den bhliain n+1). Leanann na dara sonraí róthapa i ndiaidh na chéad sonraí cáilíochta le bheith feabhsaithe go substaintiúil. Dá bhrí sin ba cheart na sprioc-amanna tarchuir don dara meastacháin a mhaolú ó mhí Eanáir den bhliain n+1 go dtí mí an Mhárta den bhliain n+1 ionas go mbeidh níos mó ama ag na Ballstáit sonraí cáilíochta níos fearr a fháil. Toisc nach bhfuil aon athrú ar thráthúlacht na chéad mheastachán ríthábhachtach agus na sonraí deiridh, meastar gurb iomchuí sprioc-amanna an dara meastacháin a mhaolú chun na críche sin. Tugadh Iarscríbhinn II chun dáta chun léiriú a thabhairt ar an athrú beartaithe sna sprioc-amanna tarchuir le haghaidh dhara meastacháin CET.

Tá na hathruithe eile atá molta ar airteagail beartaithe chun dul i ngleic leo seo a leanas:

– chun an chéad sprioc-am tarchuir sonraí a shoiléiriú le haghaidh chuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta (Airteagal 3(2));

– chun maoluithe féideartha ó na ceanglais i gcuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta a cheadú (Airteagal 4b);

– chun tagairt a dhéanamh don nós imeachta Coiste (Airteagal 4c) nach bhfuil le feiceáil sa reachtaíocht reatha ach ba cheart a chur leis;

– In Iarscríbhinn I, moltar líon an-bheag athruithe breise (tar éis dul i gcomhairle leis na grúpaí saineolaithe).

2021/0031 (COD)

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN (AE) Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an creat tagartha maidir le comhchaighdeáin, comhshainmhínithe, comhaicmithe agus comhrialacha cuntasaíochta maidir le cuntais na mBallstát a tharraingt suas chun críocha cheanglais staidrimh an Aontais (‘CCE 2010’) le fáil i Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].

(2) Bunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta (CET) san Aontas trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an modheolaíocht agus na teorainneacha ama chun na cuntais talmhaíochta a tharchur. Is cuntais satailíte de chuntais náisiúnta iad cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta, mar a shainmhínítear le CCE 2010, agus é mar aidhm acu torthaí atá comhchuibhithe agus inchomparáide idir na Ballstáit a fháil d’fhonn na cuntais a tharraingt suas chun críocha an Aontais.

(3) Is oiriúnú ar CET ar leibhéal réigiúnach iad cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta (CERT). Ní féidir le figiúirí náisiúnta iontu féin an pictiúr iomlán, atá sách casta uaireanta, a thabhairt ar an méid atá ag tarlú ar leibhéal níos mionsonraithe. Dá bhrí sin, cuidíonn sonraí ar an leibhéal réigiúnach chun cur leis an tuiscint maidir leis an éagsúlacht idir réigiúin, rud a chomhlánaíonn faisnéis don Aontas, don limistéar euro agus do na Ballstáit aonair. Ní mór cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta a chomhtháthú dá bhrí sin i Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 i dtéarmaí modheolaíochta agus sprioc-amanna tarchuir iomchuí araon.

---

16 Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

17 Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta sa Chomhphobal (IO L 33, 5.2.2004, lch. 1).

(4) Ní mheastar a thuilleadh gur aon fhoinse amháin faisnéise i measc an iliomad foinsí eile atá i staidreamh chun críocha ceapadh beartas ach go bhfuil ról lárnach aige sa phróiseas cinnteoireachta. Maidir le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, éilítear léi staidreamh a chomhlíonann critéir ardcháilíochta, mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], i gcomhréir leis na sainchuspóirí a bhfuil siad ag freastal orthu.

(5) Soláthraíonn Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 an creat dlíthiúil maidir le staidreamh Eorpach agus éilíonn sé ar na Ballstáit cloí leis na prionsabail staidrimh agus leis na critéir cháilíochta a shonraítear sa Rialachán. Tá tuarascálacha cáilíochta fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an staidrimh Eorpaigh, chun feabhas a chur orthu agus iad a chur in iúl. D'fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach an struchtúr meiteashonraí comhtháite aonair mar chaighdeán an Chórais Staidrimh Eorpaigh le haghaidh tuairisciú cáilíochta, rud a chuidíonn dá bhrí sin chun na ceanglais maidir le cáilíocht staidrimh a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 a chomhlíonadh, trí chaighdeáin aonfhoirmeacha agus modhanna comhchuibhithe, go háirithe iad sin a leagtar amach in Airteagal 12 (3) de sin.

(6) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca leis na socruithe le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta agus ábhar na dtuarascálacha sin. Ina theannta sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún freisin i dtaca le maoluithe féideartha ó na ceanglais maidir le cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(7) Soláthraíonn CET sonraí maicreacnamaíocha bliantúla tábhachtacha do lucht déanta beartas san Eoraip trí huaire sa bhliain; tagann na sonraí deiridh tar éis na chéad agus dara meastacháin. Ní thugann an sprioc-am tarchuir reatha le haghaidh dhara meastacháin CET go leor ama tar éis dheireadh na tréimhse tagartha chun sonraí feabhsaithe a bhailiú i gcomparáid leis na sonraí a sholáthraítear le haghaidh chéad mheastacháin CET. D'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht an dara meastacháin sin, caithfear an sprioc-am tarchuir a chur siar de bheagán.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 a leasú dá réir sin.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3(2), cuirtear an abairt seo a leanas leis:

'2. Tarlóidh an chéad tarchur sonraí le haghaidh chuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta faoin 30 Meitheamh 2022 ar a dhéanaí.'

---

18 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE ón gComhairle, Euratom lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

(2) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

’Airteagal 4a

**Measúnú cáilíochta**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tharchuirtear a áirithiú.

2. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na critéir cháilíochta a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir leis na sonraí a tharchuirfear i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo.

3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) measúnú ar cháilíocht na sonraí a tharchuirtear.

4. Agus na critéir cháilíochta dá dtagraítear i mír 2 á gcur i bhfeidhm ar na sonraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe, an struchtúr, tréimhsiúlacht agus táscairí measúnaithe na dtuarascálacha cáilíochta agus socróidh sé an sprioc-am maidir leis na tuarascálacha a chur ar fáil don Choimisiún (Eurostat). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4c(2).

5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas a luaithe is féidir maidir le haon fhaisnéis nó aon athrú ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar cháilíocht na sonraí a tharchuirtear.

6. Ach iarraidh a mbeidh údar cuí léi a fháil ón gCoimisiún (Eurostat), soláthróidh na Ballstáit an soiléiriú breise is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise staidrimh.

Airteagal 4b

**Maoluithe**

1. I gcás ina n-éileodh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo oiriúnuithe móra i gcóras staidrimh náisiúnta Ballstáit a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme an ábhair in Iarscríbhinn I, pointe VII. ‘Cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta’ agus an chláir um tharchur sonraí le haghaidh chuntais réigiúnacha na talmhaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndeonófar maoluithe don Bhallstát sin ar feadh tréimhse uasta 2 bhliain.

2. Cuirfidh an Ballstát ábhartha iarraidh chuí-réasúnaithe isteach maidir le maolú den sórt sin chuig an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó [cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4c.

Airteagal 4c

**Nós imeachta coiste**

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.'

(3) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(4) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*